



|                    |  |
|--------------------|--|
| <b>Dáta</b>        | Oscailt - Dé Máirt, 7 Samhain 2017                       |
| <b>Am Tosaithe</b> | 10 AM  |
| <b>Suíomh</b>      | Óstán Ambassador, An Cnoc Míleata, Naomh Lúcas, Corcaigh |

- 1.1 Is é is cuspóir leis an éisteacht ó bhéal deis a thabhairt do rannpháirtithe tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas a gcuid aighneachtaí/agóidí scríofa, más mian leo, agus ligean don chigire soiléiriú a fháil ar shaincheist ábhartha ar bith a thagann chun cinn agus ar aighneachtaí a dhéantar. Beidh an deis ag rannpháirtithe freisin ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéantar ag an éisteacht.
- 1.2 Ní mór na rudaí seo a leanas a thabhairt faoi deara:
- Níl oibleagáid ar rannpháirtí ar bith aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal nó ceisteanna a chur ar na rannpháirtithe eile. Measfaidh an cigire agus an Bord na haighneachtaí scríofa ar fad a fuarthas cheana féin. Mar gheall air sin, níor chóir aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe seo a athdhearbhú ag an éisteacht ó bhéal.
  - Má tá sé i gceist agat cóipeanna scríofa de do chuir i láthair a sholáthar, ní féidir glacadh leo ach amháin má tá cóipeanna ar fáil do gach rannpháirtí ag an éisteacht. Ba chóir trí chóip de cháipéisí scríofa a chur isteach chuig comhad an Bhoird.
  - Leagtar clár oibre agus ord na héisteachta ó bhéal amach thíos, in éineacht le clár ama. Ba chóir do rannpháirtithe a thabhairt faoi deara nach bhfuil an clár ama seo ach táscach, agus d'fhéadfadh sé athrú mar thoradh ar fhreagraí a fuarthas ar an gcomhfhreagras seo agus/nó i rith na héisteachta ó bhéal.

- Reáchtálfar an éisteacht ar bhonn modúlach agus leagtar sonraí faoi sin amach thíos.
- Cuirtear i gcuimhne duit nach bhfuil ról nó dlínse ag an mbord i gcinneadh nó i measúnú cúitimh agus gur chóir cuimhneamh air seo agus aighneacht á déanamh agat ag an éisteacht mar nach n-éascófar plé ar bith maidir le cúiteamh.
- Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Déanfaidh an Bord cinneadh maidir le faomhadh a thabhairt nó a dhiúltú agus an OCÉ a dheimhniú nó a neamhniú.

1.3 Ina aighneacht chuig an éisteacht, iarrtar ar an iarratasóir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- **Próiseas Roghnúcháin an Phasáiste Straitéisigh**:- fírinniú láidir a sholáthar do rogha an phasáiste, a chuimsíonn anailís chuimsitheach ar na roghanna eile a measadh, le fianaise thacaíochta, agus roghnaíodh an pasáiste is fearr dá bharr. Go háirithe, fírinniú do na bealaí den stráice ar líne trí cheantar suntasach cónaithe ina bhfanfaidh oibriú bunúsach an acomhail mar a chéile agus ina méadóidh an brú tráchta tuartha i mbliain an dearaidh, in ainneoin na bhfeabhsuithe beartaithe.
- **Measúnú Pasáiste** :- Anailís níos doimhne ar phróiseas measúnachta an phasáiste, agus tagairt ar leith do na hábhair seo a leanas:
  - Ailíniú ingearach den M28 beartaithe, in éineacht leis na srianta a cuireadh i bhfeidhm a raibh tionchar acu ar an dearadh.
  - Dearadh scaradh an N40 ó thuaidh (Bóthar Bhaile an Róistigh go Bloomfield).
  - Réasúnaíocht don bhealach trí Chairéal Ráth Mhín, fírinniú do/leordhóthanacht limistéar na tógála talún, fianaise ar shocraíochtaí foirmiúil le húinéir talún an chairéil agus ar an ailíniú ingearach tríd an gcairéal.
  - Fírinniú don ghá atá le hacomhal beartaithe an tSeanbhaile agus ba chóir réasúnaíocht do dhearadh agus d'ailíniú ingearach an acomhail

bheartaithe agus cuimsiú bóthar an Údaráis Forbartha Tionscail a chur san áireamh.

- An bealach ó Bhearn na hÉille go Calafort Rinn an Scidigh - fírinniú don phasáiste a roghnaítear, réasúnaíocht do charrbhealach aonair ar an taobh thoir de Bhearn na hÉille, dearadh timpeallán an Locha Bhig agus ailíniú ingearach agus cothrománach an bhealaigh trí Shráidbhaile Rinn an Scidigh san áireamh.

Ba chóir go mbeadh measúnú mionsonraithe ar na roghanna bealaigh eile a measadh san anailís seo, a chuimsíonn an réasúnaíocht do dhearadh, do leagan amach (tógáil talún ina measc) agus d'ailínithe ingearacha agus cothrománacha na scéime bóthair beartaithe.

- **Samhaltú Trácht** :- sonraí loma a sholáthar do shuirbhéanna trácht agus do Staidéar Bainistithe ar an Éileamh don N40, (m.sh. sonraí a bailíodh ar an suirbhé trácht, táblaí ar luachanna do shruthanna trácht srl.) Ba chóir an mhodheolaíocht, cosúil leis an gcaoi a dtuaradh sruthanna trácht, agus na toimhdí ar a mbunaíodh na sruthanna sin a shoiléiriú freisin. Ba chóir míniú a chur ar fáil ar na meicníochtaí a úsáidtear chun trácht a scaipeadh ar an ngréasán áitiúil bóithre.
- **Fuaim** :- A dheimhniú gur cuireadh comhairle TII atá sna Treoirínte maidir le Cóireáil Fuaim agus Creatha i Scéimeanna Náisiúnta Bóithre (2004) agus sa Treoir Dhea-chleachtais maidir le Cóireáil Fuaim i rith Phleanáil na Scéimeanna Náisiúnta Bóithre (2014) san áireamh i bpróiseas roghnúcháin an phasáiste. Nuair nach mbainfear leibhéal fuaim lae-tráthnóna-oíche de 60dB Lden amach, sprioc reatha dhearaidh na Scéimeanna Náisiúnta Bóithre, forbrófar na réitigh innealtóireachta, a ndearnadh iniúchadh orthu mar mhaolú, agus na cúiseanna nach bhfuil sé indéanta an sprioc seo a bhaint amach. D'fhéadfaí fírinniú do rogha/do dhearadh bacainní aonair a iarraidh.
- **Éiceolaíocht** :- Dul i ngleic leis na ceisteanna a luaitear san aighneacht ón NPWS chuig an mbord, dar dáta 23 Meitheamh 2017, i dtaca le Caomhnú an Dúlra, agus tagairt ar leith do na rudaí seo a leanas:
  - Fabhcún Gorm (Cairéal Ráth Mhín) - socruithe eile do neadú

- Borógach - stádas dúchasach a dheimhniú, fianaise ar cheadúnas faoi Chuid 21 den Acht um Fhiadhúlra agus fianaise ar oiriúnacht na láithreach d'fhadmharthain na speiceas trasghluaiste.
- Eolas ar phléascadh agus ar phíleáil maidir leis na tionchair fhéideartha a bhaineann le ham oibríochtaí dá leithéid ar ghabhdóirí na n-éan uisce geimhrithe i gCuan Chorcaí SPA.
- Bearta maoluithe molta chun bás na scréachóg reilige mar gheall ar thimpistí ar dhébhealach a laghdú.
- Moltaí do mhonatóireacht gheimhridh ar an úsáid a bhaineann an crotach as féarthailte i rith agus i ndiaidh tógála.

#### 1.4 Cuimseoidh an éisteacht ó bhéal:

1. Achoimre ghairid ar an bhforbairt bheartaithe ón iarratasóir. Ba chóir go mairfeadh sé seo thart ar 10-15 nóiméad.
2. Seacht bpríomh-mhodúl chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sonracha seo a leanas:
  - Modúl 1 Saincheisteanna straitéiseacha/beartais- Fírinniú don fhorbairt bheartaithe bóthair, a chuimsíonn an gá atá le forbairt, pasáistí eile a measadh, iompar inbhuanaithe.
  - Modúl 2 Saincheisteanna Iompair- Samhaltú Tráchtá, Straitéis agus Dearadh Acomhail, Trasghearradh beartaithe, Úsáideoirí nach n-úsáideann an Mótarbhealach
  - Modúl 3 Iarmhairt Fuaim
  - Modúl 4 Éiceolaíocht
  - Modúl 5 Aer agus Aeráid
  - Modúl 6 Tírdhreach, Iarmhairt Amhairc and Oidhreacht Chultúrtha
  - Modúl 7 Talamh a fháil/Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ)
  - Modúl 8 Ábhair eile
3. Éistfeadh le haighneachtaí i dtaca le gach modúl san ord seo a leanas:

- Iarratasóir
- Comhlachtaí forordaithe
- Breathnóirí/Daoine i gcoinne OCÉ
- Ceistiúcháin idir na páirtithe

## **1.5 TABHAIR NA NITHE SEO A LEANAS FAOI DEARA LE DO THOIL, MÁ S INFHEIDHME:**

### **1.5.1 Nóta don Iarratasóir**

Iarrtar ort freagairt don Bhord faoi 5.30pm Dé Céadaoin, 1 Samhain, i scríbhinn nó trí ríomhphost chuig [k.somers@pleanala.ie](mailto:k.somers@pleanala.ie) agus na nithe seo a leanas á léiriú agat:

1. Na finnéithe atá i gceist agat aighneachta a chur faoina mbráid ag an éisteacht.
2. An fad is dócha a mhairfidh gach aighneacht

Iarrtar ort go sonrath gan aighneachtaí a fuair an Bord cheana féin a thabhairt arís.

### **1.5.2 Nóta do Chomhlachtaí Forordaithe**

Iarrtar ort freagairt don Bhord faoi 5.30pm Dé Céadaoin, 1 Samhain, i scríbhinn nó trí ríomhphost chuig [k.somers@pleanala.ie](mailto:k.somers@pleanala.ie) agus na nithe seo a leanas á léiriú agat:

1. Má tá sé i gceist agat aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht agus cé a bheidh ag déanamh na n-aighneachtaí.

Iarrtar ort go sonrath gan aighneachtaí a fuair an Bord cheana féin a thabhairt arís.

### **1.5.3 Nóta do Bhreathnóirí & do Dhaoine i gcoinne OCÉ**

Iarrtar ort freagairt don Bhord faoi 5.30pm Dé Céadaoin, 1 Samhain, i scríbhinn nó trí ríomhphost chuig [k.somers@pleanala.ie](mailto:k.somers@pleanala.ie) agus na nithe seo a leanas á léiriú agat:

1. Má tá sé i gceist agat aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht agus cé chomh fada agus a d'fhéadfadh an aighneacht maireachtáil;

2. Má mholann tú speisialtóir nó duine eile chun aighneacht a dhéanamh thar do cheannsa agus más amhlaidh atá, ainm an duine/ainmneacha na ndaoine.

Iarrtar ort go sonrath gan aighneachtaí a fuair an Bord cheana féin a thabhairt arís.

## CLÁR OIBRE

| <b>LÁ 1</b>                        |   |
|------------------------------------|---|
| <b>Dé Máirt, 7 Samhain 2017</b>    |   |
| <b>Am</b>                          | <b>Topaic</b>   |
| <b>10:00</b>                       | Oscailt na héisteachta ó bhéal ag an gCigire                                  |
|                                    | Iarratasóir: Achoimre ar an bhforbairt bheartaithe (10-15 nóiméad ar a mhéad) |
|                                    | Modúl 1: Saincheisteanna Straitéiseacha/Beartais                              |
| <b>13:00 – 14:00</b>               | Sos   |
| <b>14:00</b>                       | Modúl 1: Saincheisteanna Straitéiseacha/Beartais (ar lean)                    |
| <b>LÁ 2</b>                        |   |
| <b>Dé Céadaoin, 8 Samhain 2017</b> |   |
| <b>10:00</b>                       | Modúl 2: Saincheisteanna Iompair  |
| <b>13:00 – 14:00</b>               | Sos   |
| <b>14:00</b>                       | Modúl 2: Saincheisteanna Iompair (ar lean)                                    |
| <b>LÁ 3</b>                        |   |
| <b>Déardaoin, 9 Samhain 2017</b>   |   |
| <b>10:00</b>                       | Modúl 2: Saincheisteanna Iompair (ar lean)                                    |
| <b>13:00 – 14:00</b>               | Sos   |
| <b>14:00</b>                       | Modúl 3: Fuaim  |
| <b>LÁ 4</b>                        |   |
| <b>Dé hAoine, 10 Samhain 2017</b>  |   |
| <b>10:00</b>                       | Modúl 4: Éiceolaíocht   |
|                                    | Modúl 5: Aer agus Aeráid  |
| <b>13:00 – 14:00</b>               | Sos   |

|  |  |
|--|--|
| <b>14.00</b>   | Modúl 6: Aer agus Aeráid   |
|  | Modúl 7: Tírdhreach, Iarmhairt Amhairc and Oidhreacht Chultúrtha   |
|  | Modúl 8: Ábhair eile   |
| Ní thionólfar an éisteacht ó bhéal Dé Luain, 13 Samhain ach amháin más gá déileáil le rudaí nár cludaíodh an tseachtain roimhe sin |  |
| <b>LÁ 5 Dé Máirt, 14 Samhain 2017</b>  |  |
| 10.00  | Modúl 9: Talamh a fháil agus OCÉ   |
| <b>13:00 – 14:00</b>   | Sos  |
| 14.00  | Modúl 9: Talamh a fháil agus OCÉ (ar lean)   |
|  | Aighneachtaí Deireanacha <ul style="list-style-type: none"> <li>• Daoine i gcoinne OCÉ</li> <li>• Breathnóirí</li> <li>• Comhlachtaí forordaithe</li> <li>• Iarratasóir</li> </ul> |
|  | Clabhsúr na hÉisteachta ag an gCigire  |